Togra ‘Bliain na Gaeilge’



Eochairfhocail: togra, Áras an Uachtaráin, craoladh, áisitheoir, feachtas
Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Cén fhad atá Catherine Connolly ina hUachtarán ar Éirinn anois?
2. Cén dá dhream ar tugadh cuireadh go hÁras an Uachtaráin dóibh do sheoladh an togra seo?
3. Cén ról go díreach a deir an tUachtarán a ghlacfaidh sí féin sa togra seo?
4. Cén deis a thabharfaidh an togra seo do na meáin go sonrach as seo go ceann bliana, dar leis an Ollamh Pádraig Ó Macháin?
5. Cad atá ar siúl ag Megan Ní Chumasaigh faoi láthair?
6. Cad a dhéanfar i Samhain na bliana seo chugainn?
7. Cén cheist a bhí go mór chun cinn le linn an fheachtais toghchánaíochta don uachtaránacht an bhliain seo caite?
8. An gceapann tú go bhfuil níos mó spéise á cur ag an bpobal i gcoitinne sa Ghaeilge le cúpla bliain anuas? Cén fáth?

Togra ‘Bliain na Gaeilge’



Eochairfhocail: togra, Áras an Uachtaráin, craoladh, áisitheoir, feachtas
Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh

Gníomhaíocht Smaointeoireachta:

Líon na bearnaí

Áras, chun cinn, geal, Gaeilge, imeachtaí, cuairt, cuid

Sheol Uachtarán na hÉireann Catherine Connolly Togra _____an Uachtaráin an tseachtain seo. Seoladh an Togra ag _____ an Uachtaráin. Is éard atá i gceist leis an Togra ná go gcuirfidh an tUachtarán an Ghaeilge ____ _____ar iliomad slite éagsúla as seo go ceann bliana. I measc na slite a gcuirfear an Ghaeilge chun tosaigh tá sé i gceist aici _____a thabhairt ar gach ceantar Gaeltachta i rith na bliana atá amach romhainn. Chomh maith leis sin, beidh a lán _____Gaeilge ar siúl in Áras an Uachtaráin i 2027. Tá súil ag an Uachtarán leis an Togra seo go ndéanfaidh sí a _____féin ar mhaithe le cur chun cinn na Gaeilge. Go n-éirí go ___léi.

Togra ‘Bliain na Gaeilge’



Eochairfhocail: togra, Áras an Uachtaráin, craoladh, áisitheoir, feachtas
Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh

Gníomhaíocht Scríbhneoireachta:

Is iriseoir tú agus bhí tú i láthair ag seoladh Togra Gaeilge an Uachtaráin an tseachtain seo. Déan cur síos gairid ar an eachtra. Is leor 75 focal sa chur síos. Cabhróidh an stór focal seo a leanas leat.

Atmaisféar fuinniúil	Tionchairí
Fón cliste	An-tógtha leis an smaoineamh
Dearfacht	Eiseamláir
Pleananna móra	Bliain ghnóthach



Togra ‘Bliain na Gaeilge’



Eochairfhocail: togra, Áras an Uachtaráin, craoladh, áisitheoir, feachtas
Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh

Freagraí:

1. Bliain amháin
2. Tionchairí Gaeilge agus na meáin Ghaeilge
3. Beidh sí ina háisitheoir
4. Craoladh beo a dhéanamh ó Áras an Uachtaráin
5. Tá sí ag múineadh na Gaeilge d’fhoireann an Árais
6. Plean eile/togra eile a fhógairt
7. Ceist na Gaeilge

Sheol Uachtarán na hÉireann Catherine Connolly Togra Gaeilge an Uachtaráin an tseachtain seo. Seoladh an Togra ag Áras an Uachtaráin. Is éard atá i gceist leis an Togra ná go gcuirfidh an tUachtarán an Ghaeilge chun cinn ar iliomad slite éagsúla as seo go ceann bliana. I measc na slite a gcuirfear an Ghaeilge chun tosaigh tá sé i gceist aici cuairt a thabhairt ar gach ceantar Gaeltachta i rith na bliana atá amach romhainn. Chomh maith leis sin, beidh a lán imeachtaí Gaeilge ar siúl in Áras an Uachtaráin i 2027. Tá súil ag an Uachtarán leis an Togra seo go ndéanfaidh sí a cuid féin ar mhaithe le cur chun cinn na Gaeilge. Go n-éirí go geal léi.